

*Fógra láithreáin.*

AINM ÚDARÁIS PHLEANÁLA.<sup>1</sup>

**FÓGRA LÁITHREÁIN**

Tá sé ar intinn agamsa, \_\_\_\_\_<sup>2</sup>, cur isteach ar chead / chead coinneála /  
chead imlíneach / chead de thoradh cead imlíneach a deonaíodh (Uimh. Thag. cheada  
imlínigh)<sup>3</sup> le haghaidh forbraíochta ag an láithreán seo

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_<sup>4</sup>

Is éard a bheidh i gceist leis an bhforbraíocht ná<sup>5</sup>

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_<sup>6</sup>

Féadfar an t-iarratas pleanála a iniúchadh nó a cheannach ag oifigí an údaráis pleanála i  
rith a huaireanta oscailte poiblí. Féadfar aighneacht nó barúlacht i ndáil leis an iarratas a  
dhéanamh i scríbhinn chuig an údarás pleanála ach an táille atá leagtha síos a íoc faoi  
cheann thréimhse na 5 seachtaine dar thús an dáta a fhaigheann an t-údarás an t-iarratas.

Arna shíniú ag: \_\_\_\_\_<sup>7</sup>

Dáta a cuireadh fógra láithreáin suas \_\_\_\_\_<sup>8</sup>

### **Treoracha maidir leis an bhfógra seo a chomhlánú.**

1. Ba chóir ainm an údaráis phleanála a gcuirfear an t-iarratas pleanála faoina bhráid a chur isteach anseo.
2. Ba chóir ainm an iarratasóra ar an gcead (agus ní a ghíomhaire nó a gníomhaire) a chur isteach anseo.
3. Scrios amach de réir mar is cuí. Is iad na cineálacha cead a fhéadfar a lorg ná –
  - (a) cead,
  - (b) cead coinneála,
  - (c) cead imlíneach,
  - (d) cead de thoradh cead imlíneach a deonaíodh. Más é seo an cineál cead atá á lorg, ba chóir an uimhir thagartha ar chlár pleanála an cheada imlínigh ábhartha a chur leis.
4. Ba chóir suíomh, baile fearainn nó seoladh poist na talún nó an struchtúir lena mbaineann an t-iarratas a chur isteach anseo.
5. Scrios amach de réir mar is cuí. Ba chóir an aimsir láithreach a úsáid sa chás go bhfuil cead coinneála á lorg.
6. Ba chóir cur síos gairid ar thréithe agus fhairsinge na forbraíochta a chur isteach anseo. Beidh an méid seo a leanas san áireamh sa chur síos –
  - (a) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbraíocht arb é atá i gceist léi ná tithe a sholáthar, nó a bhfuil tithe le soláthar mar chuid de, líon na dtithe atá le soláthar. Áirítear le ‘tithe’ foirgnimh atá deartha mar 2 áitreabh nó árasáin, leithlanna nó áitribh eile nó níos mó laistigh d’fhoirgneamh,
  - (b) sa chás go mbaineann an t-iarratas le struchtúr a choinneáil, tréithe na húsáide atá beartaithe le baint as an struchtúr agus, sa chás gur cuí, an tréimhse a bhfuil sé beartaithe an struchtúr a choinneáil lena aghaidh,
  - (c) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbraíocht arb é a bheadh i gceist léi ná oibreacha a dhéanamh ar struchtúr faoi chosaint nó struchtúr a bhfuil sé beartaithe a chur faoi chosaint, nó go mbeadh a leithéid mar chuid den fhorbraíocht, an fhíric sin a thabhairt le fios,
  - (d) sa chás go bhfuil ráiteas tionchair timpeallachta ullmhaithe i leith an iarratais phleanála, an fhíric sin a thabhairt le fios,
  - (e) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbraíocht arb é a atá i gceist léi nó a bheadh chun críocha gníomhaíochta dá bhfuil ceadúnas um rialú comhtháite ar thruailliú nó ceadúnais dramhaíola ag teastáil, an fhíric sin a thabhairt le fios, nó
  - (f) sa chás go mbaineann iarratas pleanála le forbraíocht arb é a atá i gceist léi ná bunaíocht a sholáthar, nó mionathruithe a dhéanamh uirthi faoi chuimsiú chiall Chuid 11 de na Rialacháin seo (Treoir maidir le Mórthimpistí), an fhíric sin a thabhairt le fios.
7. Ba chóir síniú an iarratasóra nó síniú agus seoladh teagmhála an duine atá ag gníomhú thar ceann an iarratasóra a chur isteach anseo.

8. Ba chóir an dáta a chuirtear an fógra suas nó a shocraítear ar an láithreán é a chur isteach anseo.

